

Treoracha

Tá ceithre roinn sa pháipéar seo.

Roinn A	Miotas agus an Saol Laethúil	180 marc	8 gceist
Roinn B	Domhan Aichill, An Róimh	180 marc	8 gceist
Roinn C	Teangacha Clasaiceacha - Laidin	180 marc	8 gceist
Roinn D	Teangacha Clasaiceacha – An tSean-Ghréigis	180 marc	8 gceist

Ní mór do gach iarrthóir Roinn A a fhreagairt (Miotas agus an Saol Laethúil).

Caithfidh iarrthóirí **ceann amháin** a roghnú as Roinn B (Domhan Aichill, An Róimh) **nó** as Roinn C (Laidin) **nó** as Roinn D (An tSean-Ghréigis). Caithfidh iarrthóirí gach ceist a fhreagairt sa dá roinn a dtugann siad fúthu.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás ar fáil le haghaidh obair bhreise ag deireadh an leabhráin. Déan aon obair bhreise dá leithéid a lipéadú go soiléir le huimhir agus le páirt na ceiste.

Ceist 1

Scríobh nóta gairid ar gach ceann de na déithe / bandéithe a ainmníodh thíos anseo. Tugadh na hainmneacha Gréagacha agus na hainmneacha Rómhánacha araon.



Ainm an dé / an bhandé: Séas (Gréagach), Iúpatar (Rómhánach)

Dia / bandia an/na:

Nóta gairid:

Ainm an dé / an bhandé: Poiséadón (Gréagach), Neiptiún (Rómhánach)

Dia / bandia an/na:

Nóta gairid:

Ainm an dé / Afradíté (Gréagach), Véineas (Rómhánach)

Dia / bandia an/na:

Nóta gairid:

Ainm an dé / an bhandé: Héafaestas (Gréagach), Bolcán (Rómhánach)


Dia / bandia an/na:

Nóta gairid:

Ceist 2

Meaitseáil gach ceann de na nathanna a leanas ón mhiotaseolaíocht chlasaiceach lena mhíniú:

- éasc Aichill
- bosca Phandóra
- méar Mhidas
- claíomh Damocles
- tasc Earcalach.



Sainmhíniú: Rud míthaitneamhach ar crocadh os do chionn
Nath cainte:
Sainmhíniú: Ball lag i nduine
Nath cainte:
Sainmhíniú: Jab fíordheacair
Nath cainte:
Sainmhíniú: Rud a d'fhéadfadh trioblóid a tharraingt
Nath cainte:
Sainmhíniú: Má bhíonn seo ag duine, beidh rath ar gach a ndéanann siad
Nath cainte:


Ceist 3

Léigh an sliocht seo a leanas atá bunaithe ar mhiotas Iasóin agus an Lomra Órga. Freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

Nuair a bhí Iasón ina naíonán cuireadh deireadh le cumhacht a athar, Rí Iolcus. Ba é a dheartháir Pelias (uncail Iasóin) a rinne é. Rinneadh an naíonán Iasón a smuigleáil amach as an bpálás go háit shábháilte agus tógadh é i bhfad i gcéin óna uncail mallaithe. A luaithe a tháinig sé in aois duine, d'fhill Iasón chun aghaidh a thábhairt ar a uncail agus chun an choróin a éileamh. Rinne Pelias margadh le Iasón agus dúirt go bhfeadfadh sé an ríchathaoir a fháil dá mbeadh ar a chumas an Lomra Órga cáiliúil a thabhairt ar ais. Bhí an lomra i gColcas ar an Muir Dhubh agus péist ollmhór a chosaint. Cheap Pelias go marófaí Iasón ar an turas contúirteach chun an lomra a aimsiú.

Thóg Iasón long darbh ainm an Argo agus bhailigh sé criú laochra chun cabhrú leis lena thasc. I measc an chriú bhí an laoch mór Earcail, a raibh cáil air as an dá shaothar déag a chríochnú, agus an laoch Oirféas ar bhain cumhacht lena cheol draíochtach na beithígh fhiáine a chiúnú. I ndiaidh sraith eachtraí, shroich Iasón Colcas in éineacht leis na baill den chriú a mhair. D'aontaigh Rí Colcas, Aidhéitéas, an áit a raibh an Lomra Órga a taispeáint d'Iasón, dá bhféadfadh sé gort a threabhadh le péire tarbh craoslasrach agus an talamh a shíolú le fiacla dragain.

Thug Afraidíte ar Mhéidé, iníon le hAidhéitéas, titim i ngrá le Iasón agus d'úsáid Méidé a cumhachtaí mar fhia-chailleach chun cabhrú leis. Thug sí unghadh draíochta dó chun lena chosaint ó thine na dtarbh agus thug sí rabhadh dó go bpreabfadh laochra ón talamh nuair a chuirfeadh sé fiacla an dragain. Chabhraigh Méidé le Iasón trí dheoch a úsáid a thabharfadh ar an bpéist titim ina codladh ionas go bhféadfadh Iasón an Lomra Órga a thabhairt ar ais. Rinne Méidé é seo ar fad ar choinníoll go bpósfadh Iasón í agus go dtabharfadh sé ar ais í chuig An nGréig leis í.



(a) Cá háit a raibh an Lomra Órga?

(b) Cén fáth a ndearna Iasón iarracht an Lomra Órga a thabhairt ar ais?

(c) Cén fáth ar roghnaigh Iasón baill criú ar nós Earcail agus Oirféas don mhisean contúirteach, dar leat?


(d) Cén tasc a bhí le déanamh ag Iasón sula dtaispeánfadh Aidhitéas dó cén áit a raibh an Lomra Órga?

(e) Déan staidéar ar an íomhá thíos. Cén chuid den mhiotas a léirítear inti, dar leat? Míneigh do fhreagra.



(f) Cuir síos ar nóiméad as miotas Gréagach nó Rómhánach eile a bhfuil staidéar déanta agat air ina gcabhraíonn dia / bandia le carachtar daonna nó ina gcuireann sé / sí pionós air / uirthi.

(g) An dóigh leat go bhfaigheann carachtair bhaineanna sna miotais an chreidiúint atá ag dul dóibh nuair a chabhraíonn siad le laochra fireanna a dtascanna a chríochnú? Féadfaidh tú tagairt i do fhreagra do mhiotas Iasóin agus an Lomra Órga agus / nó do mhiotais eile.



Íomhá a roghnaíodh:

Difríocht:

Difríocht:

Difríocht:

Ceist 5


Tá cur síos ar ghnéithe difriúla de rás carbad sa dá fhoinsé phríomhúla thíos. Úsáid iad, mar aon leis na híomhánna a bhfuil na lipéid C agus D orthu, chun na ceisteanna ina ndiaidh a fhreagairt

Déantar cur síos ar thús an ráis i Sliocht A

Fiú sular baineadh na barraí den gheata tosaíthe, bhrúcht an slua flosctha anonn is anall le torann ar nós thorann na farraige agus a súile dírithe ar na doirse a raibh na rásaithe ina seasamh taobh thiar díobh. Agus anois tugadh an comhartha, agus siar leis na boltaí de thrup. Ar éigean a bhí an chéad chrúb nochta go hiomlán, nuair a d'éirigh stoirm racánach liúirí suas chun na bhflaitheas. Iad ag claonadh chun cinn ar nós na dtiománaithe, stán gach duine ar a rogha carbaid, agus iad ag screadaíl ar na capaill eitilt san am céanna.

I Sliocht B déantar cur síos ar imbhualladh idir dhá charbad i gcaitheamh an rása.

An dá thiománaí dheireanacha ná Atlas agus Durius; agus anois thiontaigh siad i leataobh agus chuaigh i muinín na gcleas. Ar dtús rinne duine acu iarracht a chéile comhraic a scoitheadh ar chlé; agus ansin tháinig an duine eile suas ar dheis agus d'fhéach le dul chun tosaigh; ach theip ar an mbeirt acu ina straitéis iarrtha. Ar deireadh chlaon Durius óg muinéneach chun cinn, shrac ar a srianta, shuigh a charbad le cúrsa a chéile comhraic a bhacadh, agus bhuail sé an carbad eile gur thiontaigh sé é. Rinne Atlas casaoid: "Cá bhfuil tú ag brostú? Nó cén sórt rásaíochta craiceáilte é seo? Tá tú ag iarraidh mise agus mo chapail a mharú in éineacht." Agus é ag béicíl, thit sé i ndiaidh a chinn as an gcarbad briste; agus thit na capaill chomh maith agus síneadh go talamh iad.



(a) I Sliocht A cén fhianaise a chuireann i gcéill go raibh an slua flosctha ag tús rás na gcarbad?

(b) I Sliocht B céard is cúis leis an timpiste idir an dá charbad?


(c) I Sliocht B cén fhreagairt atá ag an tiománaí Atlas ar an tuairt?

(d) In íomhá C an dóigh leat go mbeadh an tiománaí atá á léiriú cosanta go maith dá dtarlódh timpiste? Mínigh do fhreagra.

(e) In íomhá D léirítear an Circus Maximus, an raon rásaíochta carbad ba mhó sa Róimh. Cén úsáid a bhaintí as an réimse a bhfuil an tsaighead dhearg dírithe air, dar leat?

Ceist 7

In íomhá A léirítear *thermopolium* (pub beag / bialann) a tochaladh le déanaí in Poimpéas. In íomhá B tá atógáil ealaíontóra de bhialann bheag cosúil leis. Úsáid an dá íomhá le cabhrú leat na ceisteanna a fhreagairt.



- (a) Cén fáth a gceapann tú go léirítear éin ar nós lachan agus sicíní sna pictiúir ar chuntar an bheáir in íomhá A?

(b) Cén fheidhm a bhíodh leis na poill i gcuntar an bheáir, dar leat?

Ceist 8

Tógadh an sliocht thíos anseo as leabhar darbh ainm *Stair* le Diodorus Siculus. Déantar cur síos ann ar sclábhaithe ag obair i mianach. Léigh an sliocht agus freagair na ceistanna a leanann é.

Déanann na sclábhaithe a bhíonn ag obair sa mhianach brabús ollmhór dá gcuid máistrí, méideanna dochreidte, ach ídíonn siad a gcoirp de lá is d’oíche ag tochailt faoin talamh. Faigheann líon mór acu bás i ngeall ar na cruatain iomadúla a fhulaingíonn siad. Ní thugtar scíth ná sos dóibh óna saothar, agus iad faoi bhuillí na maoirseoirí tá orthu déine a gcruacháis a sheasamh. Caitheann siad uathu a mbeatha ar an mbealach ainnish seo... go deimhin, ina súile siúd is mó is áil leo an bás ná an bheatha i ngeall ar scála an chruatain a chaithfidh siad a fhulaingt.

(a) Cén cineál saoil a bhí ag na sclábhaithe a gcuirtear síos orthu sa sliocht?

(b) An gcaití le gach sclábhaí sa domhan ársa mar a caitheadh leis na sclábhaithe mianadóireachta sa sliocht? Mínigh do fhreagra.

Ceist 9

Scríobh isteach ainm an charachtair a oireann don chur síos i gcás gach ceann díobh a leanas:

Cur síos: Duine de na Myrmidons agus an dlúthchara is mó atá ag Aichill. Eachtar a mháraigh é

Ainm an charachtair:

Cur síos: Banríon na Traí. Máthair Eachtair agus bean chéile Priam is ea í.

Ainm an charachtair:

Cur síos: Nimfeach mhara is ea í agus máthair Aichill.

Ainm an charachtair:

Cur síos: Rí Mhicéiné agus ceannaire na nGréagach. Is deartháir é le Meinealás.

Ainm an charachtair:

Ceist 10

Léigh an sliocht as an *Íliad* agus déan staidéar ar íomhá A sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna. Sa sliocht cuirtear síos ar ar tharla nuair a théaltaíonn Priam isteach i mbothán Aichill i Leabhar 24.

Ní fhaca na fir Priam Mór agus é ag teacht isteach. Tagann sé suas chuig Aichill, ansin rug sé greim ar a ghlúine lena mhéara agus phóg sé a lámha, na lámha uafásacha sin, mar fóirí-fear a mharaigh an oiread sin dá chuid mac. Díreach mar a ghabhann barr baoise fear a mharaíonn duine ina thír féin, agus a éalaíonn ansin go tír strainséirí, go teach fir shaibhir éigin – sa chaoi go gcuirtear a seacht sáith iontais orthu siúd a fheiceann é – sin mar a d'fhéach Aichill agus a shúile ar leathadh le hiontas ar Priam mórga. Bhí iontas an domhain ar an gcuid eile. Stán siad ar a chéile. Ansin rinne Priam a achainí:

“Níl ach an dú-aimléis i ndán dom, mar rugadh na mic ab fhearr sa Traí fhairsing dom, ach deirim anois, áfach, nach bhfuil duine ar bith acu fanta. Bhí caoga agam nuair a tháinig na Gréagaigh. Dhíscigh Ares feargach an bheatha as a bhformhór. Ach bhí ceann amháin acu fágtha agam, caomhnóir dár gcathair, cosantóir dá muintir. Tá tú díreach i ndiaidh é a mharú agus é ag troid a thíre dúchais. Eachtar atá i gceist agam.

Ar mhaithe leis, tháinig mé anseo, chuig longa Achaea, chun a chorp a bhreith ar ais uait. Agus rug mé liom airgead fuascailte gan áireamh. Mar sin, a Aichill, bíodh urraim agat do na déithe agus trua agat domsa, i gcuimhne ar d'athair féin. Den bheirt seanfhear, is mise is mó díol trua, mar d'fhulaing mé ualach nár iompair duine ar bith beo ar an domhan seo – thóg mé chuig mo bheola féin agus phóg mé lámha an fhir a mharaigh mo mhac."

- (a) Ón staidéar atá déanta agat ar an *Íliad* an gcuireann sé iontas ort gur théaltaigh Priam isteach i gcampa na nGréagach le casadh ar Aichill? Míniú do fhreagra.

- (b) Céard a theastaíonn ó Priam a fháil ó Aichill?



- (c) An meaitseálann íomhá A an tuairisc a thugtar sa sliocht? Míniú do fhreagra.

Ceist 11

Cuireadh an sliocht thíos anseo in oiriúint as Leabhar 3 den *Íliad*. Tugtar tuairisc ann ar chomhrac idir Meinelás agus Páras. Léigh an sliocht agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh ansin.

Shiúil siad go dána isteach sa talamh láir idir na Traígh agus na Gréagaigh, súile fiata sceimhle á dtabhairt acu ar a chéile. Ar dtús scaoil Páras a shleá scáthfhada agus bhuail sí ciorcal réidh sciath mhac Aitréas. Níor bhris cré-umha na sleá tríd, ach bhí a phointe casta sa sciath téagartha. Ansin d'éirigh Meinelás mac Aitréas le teilgean agus, a shleá scáthfhada á socrú aige, scaoil sé léi agus bhuail sí ciorcal réidh sciath mhac Priam. Chuaigh an sleá láidir tríd an sciath gheal agus ar aghaidh tríd an gcóirsléad greanta (armúr colainne), ag brú roimpi: ag brú tríd díreach ar aghaidh stróic sí tríd an ionar ar a thaobh – ach chlaon sé a chorp agus d'éalaigh ón míchinniúint. Tharraing mac Aitréas a chlaíomh geal tairní airgid, chroch go hard é don bhuille agus thug ag brúscadh anuas ar mhullach an chlogaid é – ansin a rinneadh smionagar de agus shleamhnaigh sé as a lámh ina smidiríní.

Ansin léim Meinelás chun tosaigh agus rug sé greim ar Pháras de dhlúthribí róin an chlogaid, bhain casadh as agus thosaigh á tharraingt ar ais i dtreo na nAcháiach dea-loirgneánta: bhí an strapa fuaite á thachtadh faoina mhuineál bog, agus an clogad teann faoina smig. Agus anois bheadh sé tarraingthe siar aige faoi ghlóir gan teorainn, murach go bhfaca iníon le Séas, Afraidité, go tapa é. Bhris sí an strapa déanta as craiceann daimh, agus tharraing lámh ollmhór Mheinelás chuige an clogad folamh.

(a) Céard é a tharlaíonn nuair a chaitheann Páras a shleá i dtreo Meinelás?

(b) Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhfuil an léiriú ar an gcomhrac sa sliocht seo ina eiseamláir thipiciúil den chaoi a léirítear an comhrac san *Íliad*.


(c) Ón staidéar atá déanta agat ar an *Íliad*, cén chaoi an ndearna Páras éagóir ar Meinealás?



(d) An dóigh leat go meaitseálann iomhá A cur síos Hóiméir ar na huirlisí troda agus ar an armúr sa sliocht? Mínigh do fhreagra agus déan tagairt don sliocht.

Ceist 12

Léaráid is ea íomhá A a léiríonn conas a d'oibrigh an córas teasa faoi urlár (hipeacóst) sna folcadáin Rómhánacha. In íomhá B léirítear uiscerian Rómhánach, a bheadh in úsáid chun uisce a iompar thar raonta fada.



An dtagann tú leis an tuairim gur thógálaithe agus innealtóirí thar barr ab ea na Rómhánaigh? Míniú do fhreagra. Tig leat tagairt a dhéanamh do na struchtúir in íomhánna A agus B agus d'fhoirgnimh / struchtúir eile a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

Ceist 13

Chaitheadh na Rómhánaigh bróga adhmaid (paitíní) go hiondúil ar nós na gceann a léirítear san íomhá thíos nuair a bhídís sna folcadáin. Cén fáth a gcaithidís bróga dá leithéid seachas dul cosnócha, dar leat?



Ceist 14

Déan staidéar ar an íomhá thíos anseo. Is fótagraf é d'fhoirgneamh Ard-Oifig an Phoist i mBaile Átha Cliath. Ainmnigh agus déan cur síos ar dhá ghné den ailtíreacht chlasaiceach a fhéadann tú a fheiceáil san fhoirgneamh.



Gné 1:

Gné 2:

Ceist 15

Ón liosta seo a leanas, scríobh an téarma sa spás in aice lena shainmhíniú ceart. Bain úsáid as gach téarma uair amháin.

Doric

Cruinneachán

Póirseáid

Áirse

SAINMHÍNITHE	TÉARMAÍ
Saghas colún	
Póirse seachtrach	
Díon leathchiorclach	
Struchtúr cuar a úsáidtear mar thacaíocht	

Ceist 17

Meaitseáil na frásaí Laidneacha seo a leanas leis na suíomhanna a ndéanann siad cur síos orthu le ✓ a chur sa bhosca ceart. Cur tic i mbosca amháin i ngach cás.

(a) per annum

rud a tharlaíonn gach seachtain

rud a tharlaíonn gach bliain

rud a tharlaíonn gach lá



(b) drāmatis persōnae

saighdiúirí ar láthair chatha

gliairí in amfaitéatar

aisteoirí in amharclann



(c) terra firma

ag teacht i dtír

ag lainseáil san aer

ag dul chun farraige



(d) fortūna favet fortibus

mar a dhéanann an t-adh gar do dhaoine cróga

mar a dhéanann an t-ádh gar do dhaoine fíor-chúramach


mar a dhéanann an t-ádh gar do dhaoine sna daichidi



Ceist 18

Agus an sainmhíniú thíos in úsáid agat, críochnaigh an léaráid thíos le focail Béarla a thagann ón mbriathar Laidneach laistigh den chiorcal sa lár. Tugtar sampla thíos.

(a)



(b) Críochnaigh na ceisteanna a leanas agus na focail Laidneacha in Bosca 1 á n-úsáid agat.

Bosca 1		
centum = céad	decem = deich	mille = míle
octō = ocht	přimus, přīma, přīmum = an chéad	
ūnus, ūna, ūnum = amháin		

Roghnaigh focal Laidneach amháin as Bosca 1 agus scríobh síos focal Béarla a thagann as.



Focal Laidneach:	Focal Béarla:
------------------	---------------

Roghnaigh focal Laidneach eile as Bosca 1 agus scríobh síos focal amháin Béarla a thagann as.

Focal Laidneach:	Focal Béarla:
------------------	---------------

Ceist 19

Meitseáil na pictiúir leis na tuairiscí thíos. Scríobh uimhir an phictiúir sa bhosca in aice lena chur síos.



quattuor equī imperātōrem per viās urbis portant. imperātōr togam purpuream habet.

flammae urbem Rōmae dēlent dum imperātōr cantat et mūsicam facit.

omnēs nōs audire possunt. cantāmus et mūsicam facimus.

necesse est mihi et quīnque fēminīs aliīs custōdīre flammam Vestae. haec flamma est in templō deae.

equī aurīgās in Circō Maximō trahunt. virī spectant et clāmant dum aurīga ē currū cadit.

Ceist 20

Sna habairtí seo a leanas déantar cur síos ar an saol san arm Rómhánach. I gcás gach abairt pioc amach an rogha ceart chun an spás bán a lionadh le ✓ a cur sa bhosca ceart. Cuir tic in aon bhosca amháin i ngach cás. Ná scríobh an freagra sa spás bán

(a) imperātor cōpiās trāns flūmen _____ .

dūxistī

dūxit

dūxērunt



(b) Rōmānī _____ per viās trāxērunt.

captīvus

captīvīs

captīvōs



(c) mīlitēs flammās in mūrōs _____ mīserunt.

hostium

hostem

hostī



(d) virī _____ auxilium dabant.

fortēs

fortis

fortia




(e) mīlitēs scūtīs sē _____ poterant.

dēfendō

dēfendere

dēfendērunt



Ceist 21

Roghnaigh an t-aistriúchán ceart de na focail sa chló trom i ngach ceann de na habairtí thíos le ✓ a chur sa bhosca ceart. I ngach cás cuir tic in aon bhosca amháin.

(a) **tria capita canis** omnēs terrent.

- | | |
|-------------------------|--------------------------|
| trí cheann an mhadra | <input type="checkbox"/> |
| cinn na dtrí madra | <input type="checkbox"/> |
| trí mhadra an chaptaein | <input type="checkbox"/> |

(b) Paris dīxit Venerem **pulchriōrem** esse **quam cēterās deās**.

- | | |
|-----------------------------------|--------------------------|
| níos áille ná na déithe eile | <input type="checkbox"/> |
| chomh hálainn leis na déithe eile | <input type="checkbox"/> |
| níos áille ná na bandéithe eile | <input type="checkbox"/> |

(c) spectātōrēs, **quōs gladiātōrēs dēlectābant**, plausērunt.

- | | |
|------------------------------|--------------------------|
| a bhí á sásamh ag na gliairí | <input type="checkbox"/> |
| a shásaigh na gliairí | <input type="checkbox"/> |
| atá á sásamh ag na gliairí | <input type="checkbox"/> |

(d) **cīvēs** ad amphitheātrum **laetē festīnāvērunt**.

- | | |
|-----------------------------------|--------------------------|
| bhrostaigh an saoránach sásta | <input type="checkbox"/> |
| bhrostaigh na saoránaigh go sásta | <input type="checkbox"/> |
| bhrostaigh na saoránaigh shásta | <input type="checkbox"/> |

(e) senātor **pānem et pecūniam clientibus** trādidit.

- | | |
|---------------------------------|--------------------------|
| arán agus airgead na gcliant | <input type="checkbox"/> |
| arán agus airgead don chliant | <input type="checkbox"/> |
| arán agus airgead do na cliaint | <input type="checkbox"/> |

Ceist 22

Léigh an sliocht seo a leanas go cúramach agus freagair na ceisteanna thíos anseo sa Gaeilge. Tá na focail ar fad a bhfuil líne fúthu liostaithe in ord aibítire sa ghluais foclóra thíos anseo. Sa sliocht oiriúnaithe seo as Plinias Óg, insíonn an scríbhneoir scéal faoi dheifín cairdiúil sa choilíneacht Afracach Hippo.



est in Africā urbs, colōnia Hippōnis, quae est prope mare. inter colōniam et mare est magnum stāgnum. hūc omnēs cīvēs ire amant quod aut piscēs capere aut nāvigāre aut natāre possunt. puerī cotīdiē certāmina habent. victor est puer qui longissimē ā terrā natat.

puer ūnus erat audācior quam cēterī. delphīnus subitō puerō appāruit et prō puerō natāre incēpit. tandem delphīnus puerum ad lītus portāvit.

fāma delphīnī per urbem celeriter serpsit et postrīdiē magna turba cīvium ad lītus festīnāvit quod animal mīrābile vidēre cupiēbant. delphīnus revēnit, sed puer cum cēterīs fūgit. delphīnus prope lītus in aquā lūsit. cīvēs, ubi delphīnum vīdērunt, dīxērunt delphīnum puerum in aquam invitāre. delphīnus multōs diēs reveniēbat et tandem cīvēs aquam intrāre et cum delphīnō lūdere incēpērunt.

animal, animālis (n.) = ainmhí
appāreō, appārēre, appāruī,
appāritum (2) = nocht
audāx, audācis = misniúil
aut = nó
certāmen, certāminis (n.) = comórtas
cēterī, cēterae, cētera = na cinn eile
colōnia, colōniae (f.) = coilíneacht
cotīdiē = gach lá
delphīnus, delphīnī (m.) = deilf
fāma, fāmae (f.) = ráfla
Hippō, Hippōnis (m.) = Hippo (ainm
coilíneachta san Afraic)

hūc = don áit seo, anseo
incipiō, incipere, incēpī, inceptum (3) = tosaigh
lītus, lītōris (n.) = cladach
lūdō, lūdere, lūsī, lūsum (3) = bí ag spraoi
mare, maris (n.) = farraige
mīrābilis, mīrābilis, mīrābile = iontach
natō, natāre, natāvī, nātum (1) = snámh
piscis, piscis (m.) = iasc
postrīdiē = ar an gcéad lá eile
prō + osclaíoch = os comhair
serpō, serpere, serpsī, serptum (3) = leath, scaip
stāgnum, stāgnī (n.) = loch / linn

(a) Cá háit a bhfuil coilíneacht Hippo suite?

(b) Tabhair **dhá** chúis faoina dtaitníonn sé leis na saoránaigh ar fad dul go dtí an loch.

(c) Bhíodh comórtais ag na buachaillí gach lá. Mínigh conas mar a roghnaigh siad buaiteoir na gcomórtais seo.

(d) Cén bealach a raibh buachaill amháin difriúil ó na buachaillí eile?

(e) Céard a rinne an deif nuair a nocht sé don bhuachaill den chéad uair?

(f) Céard é a rinne an deif ar deiridh?

(g) Cén fáth ar bhrostaigh slua mór go dtí an cladach ar an gcéad lá eile?

(h) Céard a rinne an buachaill nuair a d'fhill an deif an chéad lá eile?

(i) Ceard é a bhí ar siúl ag an deif nuair a chonaic siad é ag súgradh san uisce, dar leis na saoránaigh?

--

- (j) Cén **dá** rud a rinne na saoránaigh ar deireadh tar éis don deilf fillleadh roinnt mhaith laethanta i ndiaidh a chéile?

Ceist 23

- (a) Roghnaigh an cur síos ceart ó thaobh gramadaí nó an t-aistriúchán ceart de na focail sa chló trom thíos le ✓ a chur sa bhosca cuí. Déantar athrá ar abairtí i – iv i gcuid b den cheist seo. Cuir tic in aon bhosca amháin i ngach cás.



Breathnaíonn an dia Phoebus Apalló anuas ón spéir agus an chéad lir á déanamh ag Mearcair. Téaduirilis cheoil cosúil leis an gceann sa phictiúr thuas is ea lir.

- (i) Phoebus Apollō parvum deum Mercurium ex **caelō** spectābat.

tuisseal ainmneach

tuisseal cuspóireach

tuisseal ochslaíoch

- (ii) in silvā parvus deus testūdinem **vīdit**, celeriter eam **necāvit**; testam **servāvit**.

aimsir ghnáthchaite

aimsir chaite

aimsir fháistineach

- (iii) Mercurius **trāns testam chordās posuit** et mūsicam grātam fēcit.

chuir sreang trasna na mblaoscanna toirtíse

a bhí ábalta sreanga a chur trasna na blaioisce toirtíse

chuir sreanga trasna na blaioisce toirtíse

(iv) Apollō mūsicam audīvit et ad terram volāvit; dīxit Mercuriō, “lyra tua est **pulcherrima!**”

- aidiacht sárchéime
- aidiacht chomparáideach
- dobhriathar

(b) Aistrigh an téacs thíos anseo. Tá na focail ar fad a bhfuil líne fúthu liostaithe in ord aibítire sa ghluais foclóra thíos anseo.



Phoebus Apollō parvum deum Mercurium ex caelō spectābat. in silvā parvus deus testūdinem vīdit, celeriter eam necāvit; testam servāvit. Mercurius trāns testam chordās posuit et mūsicam grātam fēcit. Apollō mūsicam audīvit et ad terram volāvit; dīxit Mercuriō, “lyra tua est pulcherrima!”

Apollō Mercurium laudāvit et dīxit, “mūsica tuae lyrae mihi grāta est. sī eam mihi dabis, cādūceum tibi dabō.”

cādūceus, cādūceī (m.) = bachall / slat
chorda, chordae (f.) = sreang
grātus, grāta, grātum = taitneamhach

testa, testae (f.) = blaosc
testūdō, testūdinis (f.) = toirtís
volō, volāre, volāvī, volātum (1) = eitilt

Ceist 24

- (a) Aimsíodh Mósáic A ag an mbealach isteach go teach mór in Thamugadi i gcúige Rómhánach na hAfraice. D'fhéadfadh sé go raibh a fholcadán príobháideach féin ag an teach mór mar a fheictear ó na cuaráin sa phictiúr. Scríobh aistriúchán air thíos anseo.

Mósáic A



bene lavā.

bene = go maith

lavō, lavāre, lāvī, lautum (1) = nigh

- (b) Aimsíodh Graifíteo B sa Phoimpé; seans gur scríobh duine de na báicéirí iomadúla sa bhaile mór é. Scríobh aistriúchán air thíos anseo.

Graifíteo B



XIII Kalendās Maiās pānem fēcī.

XIII Kalendās Maiās = 'Ar an triú lá déag roimh Chailleann na Bealtaine / ar 19 Aibreán'

- (c) Aimsíodh Graifíteo C ar bhalla lasmuigh de ósta Sittius sa Phoimpé. Scríobh aistriúchán air thíos anseo.

Graifíteo C



HOSPITIUM HIC LOCATUR
TRICLINIUM CVM TRIBVS LECTIS

hospitium hīc locātur
trīclīnium cum tribus lectīs

hīc = anseo
hospitium, hospitī (n.) = aíocht / iostas
lectus, lecti (m.) = tolg
locatur = 'ar cíos / le fruiliú'

- (d) Tógadh sliocht D as dán leis an scríbhneoir Rómhánach, Óivid. Sa dán seo insíonn sé an miotas faoin athair agus mac, Daedalus agus Icarus. Sa sliocht tá Daedalus ag déanamh cuardach san uisce dá mhac. Scríobh aistriúchán air thíos anseo.



Sliocht D

at pater īnfēlīx, nec iam pater 'Icare' dīxit,
'Icare' dīxit, 'ubi es?'

at = ach
īnfēlīx, īnfēlīcis = mí-ámharach
nec iam = níl a thuilleadh

Roinn D Teangacha Clasaiceacha – An tSean-Ghréigis 180 marc

Ceist 25

Meaitseáil an t-ainm Gaeilge ar na déithe seo lena mbunlitriú sa tSean-Ghréigis trína litir a scríobh sa bhosca a bhaineann leis an bhfocal coibhéiseach sa tSean-Ghréigis.

- | | | | |
|-----|----------|--------------------------|---------|
| (a) | Apalló | <input type="checkbox"/> | Ἔστια |
| (b) | Airéas | <input type="checkbox"/> | Ἄρης |
| (c) | Artaimís | <input type="checkbox"/> | Ἥρη |
| (d) | Héire | <input type="checkbox"/> | Ἑρμης |
| (e) | Heirméas | <input type="checkbox"/> | Ἄρτεμις |
| (f) | Heistia | <input type="checkbox"/> | Ἀπολλων |

Ceist 26

Críochnaigh na ceisteanna a leanas.

Ní ceadmhach feidhm a bhaint as an bhfocal céanna Béarla nó Gréigise níos mó ná uair amháin.

Bosca 1		
ἄθλον, ἄθλου = duais	γωνια, γωνιας = uillinn/ cúinne	πεντε = cúig
αὐτός, αὐτή, αὐτό = féin	δεκα = deich	τρεις, τρια = trí
γραφω = scríobhaim	μετρον, μετρου = tomhas	φοβος, φοβου = eagla

- (a) Roghnaigh focal **amháin** sa tSean-Ghréigis as Bosca 1 agus scríobh síos focal **amháin** Béarla a thagann as.

Focal Gréigise:	Focal Béarla:
-----------------	---------------

- (b) Roghnaigh focal eile sa tSean-Ghréigis as Bosca 1 agus scríobh síos focal **amháin** Béarla a thagann as.

Focal Gréigise:	Focal Béarla:
-----------------	---------------

- (c) Scríobh focal **amháin** Béarla a thagann as meascán d' uimhir **amháin** sa tSean-Ghréigis agus focal **amháin** sa tSean-Ghréigis as Bosca 1.


Uimhir Ghréigise:	Focal Gréigise:
Focal Béarla :	

(d) Scríobh síos focal eile Béarla a thagann ó aon fhocal sa tSeanGhréigis atá ar eolas agat. Ní fhéadann tú focal Gréigise a úsáid i mBosca 1. Mínigh conas a bhaineann brí an fhocail Béarla le brí an fhocail Sean-Ghréigise.

Focal Gréigise:	Focal Béarla:
Míniú:	

Ceist 27

Meitseáil na radhairc seo a leanas as frios an Phartanón lena dteidil.



είσιν δυο θεοι μετα μιας θεας. οί θεοι λεγουσι και ή θεα άπο άλλων βλεπει.

οί Άθηναιοι το ύδωρ φερουσιν. το ύδωρ έν ταις κεραμικαις ύδριας ένεστιν.

δυο νεανιαι έπι ίππους ίππεουσιν. οί καλοι ίπποι ταχεως τρεχουσιν.

ό παις τον πεπλον, ός έστιν το δωρον τη θεα τη Άθηνη, τω γεροντι φαινει.

οί Άθηναιοι δυο βους άγουσιν. τα ζωα μεγιστον φοβον έχει και βαινειν ούκ έθελει.

Ceist 28

Baineann na habairtí seo a leanas leis na fealsúna Gréagacha, Sócraitéas agus Platón.

Cuir ✓ sa bhosca den fhoirm cheart a theastaíonn chun an abairt a chríochnú. Ná scríobh an freagra sa spás glan. Cuir tic in aon bhosca amháin i ngach cás.

(a) ó Σωκρατης ήν ό _____ γερων και διδασκαλος της σοφιας.

σοφον

σοφος

σοφων



(b) ó Σωκρατης έν _____ τους Άθηναιους έδιδασκεν.

τη Άγορα

της Άγορας

την Άγοραν

(c) ὁ Πλατων ἢ ὁ μαθητῆς του Σωκρατους και _____ βιβλους περι αὐτου ἔγραψεν.

τας

τα

τους

(d) ὁ Σωκρατης _____ ἐν τῷ δεσμωτηριῷ ἀπεθανεν.

ἀνδρεια

ἀνδρειως

ἀνδρειῳ

(e) ὁ Πλατων και οἱ ἕτεροι μαθηται οὐκ ἀπο του Σωκρατους ἀποβαινειν _____ .

ἠθελομεν

ἠθελε

ἠθελον

Ceist 29

Sna habairtí seo, insíonn an laoch Earcail faoi nóiméid as roinnt dá dháréag saothar cháiliúla.

Roghnaigh an t-aistriúchán ceart nó an cur síos gramadaí den fhocal nó den fhrása sa **chló trom** sna habairtí seo a leanas le ✓ a chur sa bhosca ceart. Cuir tic in aon bhosca amháin i ngach cás.

(a) ἰσχυροτερος ἢ τα θηρια ἃ ἔλαβον εἴμι.

τά μέ

dom


τά sé

(b) ὦ φιλε, ἐμοι ἐν τῷ πονῷ της ὕδρας ἐβοηθησας.

cabhrú

cabhróidh muid

chabhraigh tú



(c) ἔγω ἔβαλον τον καπρον τῷ Εὐρισθει, ὅς τον μεγαν φοβον εἶχεν.

tuisseal tabharthach

tuisseal gonideach

tuisseal ainmneach



(d) ὁ Κερβερος ἔστιν εἰς κυων ἄλλα τρεις κεφαλαι αὐτῷ.

frása réamhfhoclach

tuisseal ainmneach

comhbhriathar



(e) χρη με τους ὀρνιθας τοις ἔμοις ὀπλοις ἀποκτεινειν.

le mo chuid uirlisí

do mo chuid uirlisí

uirlisí dem chuid



Ceist 30

Comhlánaigh an sliocht seo a leanas agus líon isteach na spásanna bána leis an uimhir sa liosta thíos don fhocal ceart atá ar lár. Tá an chéad cheann déanta mar shampla duit.

Tá gach focal le líne faoi liostaithe in ord aibítire sa ghluais foclóra thíos anseo.



Lycurgus, reachtóir finscéalach na Sparta

Sa sliocht seo déantar cur síos ar an gcaoi ar chabhraigh Lycurgus leis an sochaí Spartach.

ó Λυκουργος h́n ó prwotos νομοθετης 3 τη Λακεδαιμονια. éπειδη h́n ó σοφωτατος άνθρωπων, οί πολιται αύτω _____. τω Λυκουργω έδοξε τους της πολεως _____ τω νεω τοπω τασσειν. ó Λυκουργος h́θελησε πασας τας γυναικας έν τη Λακεδαιμονια είναι ματερας άνδρειας και ίσχυρας. ούν αί της Λακεδαιμονιας γυναικες της h́μερας _____ της οίκιας έξηλθον και πολλακις έγυμναζον και _____ έν τοις άθλοις. ούτως οί νομοι των γυναικων έν τη Λακεδαιμονια h́σαν δεινοι.

άθλος, άθλου, ό = comórtas, rás
γυμναζω, έγυμνασα = cleachtaim, traenálaím
δοκει, έδοξε + tabharthach =
'ba chosúil go raibh sé ceart'
ίσχυρος, ίσχυρα, ίσχυρον = laidir

Λακεδαιμονια, Λακεδαιμονιας, h́ = Sparta
Λυκουργος, Λυκουργου, ό = Lycurgus
νομοθετης, νομοθετου, ό = reachtóir
της h́μερας = 'l gcaitheamh an lae'


Liosta Focal

1. έπιστευον
2. έδραμον
3. έν
5. νομους
6. έκ

Ceist 31

Léigh an sliocht a leanas agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh sa Ghaeilge.

Leanann an sliocht seo ar aghaidh ón gcur síos ar sochtaí Sparta sa cheist roimhe seo. Tá gach focal le líne faoi liostaithe in ord aibítre sa ghluais foclóra thíos anseo.



Spartaigh ag déanamh cleachtaidh

ὁ Λυκουργος τους νομους περι των παιδων έποιησεν. εἶπε γαρ, “ἐν τη Ἑλλαδι ἔξομεν τους ἀριστους στρατιωτας, εἰ την ἀριστην παιδειαν τοις ἡμετεροις υἱοις παρεχομεν.” τε οἱ πατερες και αἱ ματερες ἀει τους υἱους προς την Ἄγοην προσεπεμψαν. οἱ νεανιαι της Λακεδαιμονιας τους παιδους έδιδασκον και έπαιδευον.

οὕτως οἱ Λακεδαιμονιοι παιδες εἰσι τεχνικωτεροι και σκληροτεροι. ἐν τη Ἄγοη οὐδεις των παιδων πεδιλα εἶχε και πας ὁ παις αὐτος μονον ἐν ἱματιον ἔφερεν. ἐν τη χωρα πολλα χρησιμα ἔμαθον. οὐκ ἦν πολυς σιτος ὅν δει λαμβανειν και κλεπτειν.

ὁ Λακεδαιμονιος νομος της παιδειας ἔστι δεινος ἐν πασι τη Ἑλλαδι. δια την παιδειαν οἱ Λακεδαιμονιοι στρατιωται τον φοβον του κινδυνου και του θανατου οὐκ ἔχουσιν.

Ἄγογη, Ἄγογης, ἡ = An Agoge	οὕτως = mar seo
ἀριστος, ἀριστη, ἀριστον = is fearr	παιδεια, παιδειας, ἡ = oideachas
εἰ = má	παιδευω, ἐπαιδευσα = cuirim oideachas ar
Ἑλλας, Ἑλλαδος, ἡ = An Ghréig	πεδιλον, πεδιλου, το = cuarán
ἱματιον, ἱματιου, το = fallaing	ποιεω, ἐποιησα = déanaim
Λακεδαιμονια, Λακεδαιμονιας, ἡ = Sparta	πολυς, πολλη, πολυ = roinnt mhaith
Λακεδαιμονιος, Λακεδαιμονια,	σκληρος, σκληρα, σκληρον = crua
Λακεδαιμονιον = Spartach	τεχνικος, τεχνικη,
Λυκουργος, Λυκουργου, ὁ = Lycurgus	τεχνικον = seiftiúil, acmhainneach
οὐδεις, οὐδεμα, οὐδεν = níl aon cheann,	χρησιμος, χρησιμη, χρησιμον = úsáideach
aon duine	χωρα, χωρας, ἡ = faoin tuath

(a) Dar leis an sliocht seo, cén grúpa de na Spartaigh a ndearna Lycurgus dlíthe fúthu?

(b) Cén fáth a ndúirt Lycurgus gur bhain tábhacht leis an oideachas?

(c) Cé hé a sheol na páistí amach go dtí an Agoge?

(d) Cé hé a bhí freagrach as na buachaillí a mhúineadh san Agoge?

(e) Déan cur síos ar na cúinsí san Agoge a rinne na buachaillí Spartacha níos crua agus níos seiftiúla.

(f) Cén chaoi ar ullmhaigh an córas Spartach oideachas a bhfir óga i gcomhair cogaidh?

Ná scríobh ar an leathanach seo

Admhálacha

Íomhánna

Íomhá ar lch 3: <https://www.greekartworks.com/product/chess-set-board-32-pieces-greek-roman-gods-warriors-statue-figurine-handmade/>
Íomhá ar lch 4: <https://www.ancient-literature.com/homeric-epithets/>
Íomhá ar lch 5: <https://thefleecemilano.com/blogs/notizie/the-myth-of-jason-the-fleece>
Íomhá ar lch 6: <http://travelingclassroom.org/?p=1739>
Íomhá ar lch 8: <https://www.pinterest.ie/pin/537124693048138715/>
Íomhá ar lch 9: https://www.realmofhistory.com/wp-content/uploads/2016/05/3D_Animations_Layout_Roman_Domus_House_3.jpg?ezimgfmt=rs:770x546/rscb20/ng:webp/ngcb20
Íomhanna ar lch 10: <https://www.unrv.com/culture/chariot-races.php>; <https://twitter.com/circusmaxi>
Íomhá ar lch 12: <https://www.quora.com/What-were-the-living-conditions-in-ancient-Rome>
Íomhanna ar lch 13: <https://www.cbsnews.com/news/pompeii-archaeologists-ancient-thermopolium-street-food-volcanic-eruption/>;
<https://www.pinterest.ie/pin/191895634100201290/>
Íomhá ar lch 17: <https://www.thorvaldsensmuseum.dk/en/collections/work/A492/zoom>
Íomhá ar lch 20: <https://www.worldhistory.org/image/3374/mycenaean-warriors/>
Íomhanna ar lch 21: <http://www.pages.drexel.edu/~jpm55/AE390/A5/hypocaust.htm>; <https://historyofyesterday.com/the-ancient-roman-aqueduct-a-timeless-engineering-feat-a2344f04c6e2>
Íomhá ar lch 22: <https://twitter.com/HistoryNeedsYou/status/968449320377901056/photo/4>
Íomhá ar lch 23: https://en.wikipedia.org/wiki/General_Post_Office,_Dublin#/media/File:GPO_Portico_-_Morning.jpg
Íomhanna ar lch 25:
<https://www.alamy.com/old-illustration-of-a-roman-calendar-by-unidentified-author-published-image150188680.html>;
<http://www.historyofmasks.net/famous-masks/greek-masks/>; <https://www.nytimes.com/2013/10/01/science/legacy-of-greco-roman-mapmaking.html>; <https://www.alamy.com/fortune-1541-sebald-beham-german-1500-1550-artist-hans-sebald-beham-origin-germany-date-1541-medium-engraving-in-black-on-ivory-laid-image235890665.html>
Íomhanna ar lch 27:
https://en.wikipedia.org/wiki/Music_of_ancient_Rome#/media/File:Scena_di_commedia,_musici_ambulant_i,_da_villa_di_cecerone_a_pompei,_9985_03.JPG; [https://www.thoughtco.com/thmb/D8JWUZgyh_jjnl9hyn-Jxi9nEic=/768x0/filters:no_upscale\(\):max_bytes\(150000\):strip_icc\(\)/format\(webp\)/vestal-virgins--priestesses-in-ancient-rome--wood-engraving--published-1880-687096894-5b6e0b9846e0fb00251be731.jpg](https://www.thoughtco.com/thmb/D8JWUZgyh_jjnl9hyn-Jxi9nEic=/768x0/filters:no_upscale():max_bytes(150000):strip_icc()/format(webp)/vestal-virgins--priestesses-in-ancient-rome--wood-engraving--published-1880-687096894-5b6e0b9846e0fb00251be731.jpg);
<https://www.lookandlearn.com/history-images/A000105-01/Chariot-race-in-the-Circus-Maximus-ancient-Rome>;
<https://www.pinterest.ru/pin/447263806750726740/>; <https://alchetron.com/Roman-triumph>
Íomhanna ar lch 28:
<https://www.posterlounge.ie/p/335866.html>; <https://gatesancienthistory.weebly.com/class-notes.html>;
<https://www.worldhistory.org/image/2286/roman-artillery-attack>; <https://www.pinterest.com/pin/430727151852149705/>;
<https://www.pinterest.com/pin/430727151852149705/>; <https://www.pinterest.com/pin/490329478159355924/>
Íomhanna ar lch 30:
<https://www.alamy.com/an-engraving-depicting-a-young-boy-riding-on-a-friendly-dolphin-based-on-a-report-by-pliny-the-elder-23-ad-79-ad-a-roman-author-naturalist-and-natural-philosopher-naval-and-army-commander-of-the-early-roman-empire-dated-19th-century-image235171647.html>; <https://mobile.twitter.com/OptimoPrincipi/status/1298549188909846528/photo/1>
Íomhanna ar leathanaigh 32,33:
<https://ancientlyre.com/blogs/blogs1-f324d18b-4152-49e5-aa3c-6539ac974916/posts/how-did-the-ancient-greeks-tune-a-7-string-lyre>;
<https://classicalwisdom.com/culture/the-caduceus-magical-staff-of-hermes/>;
<https://www.shutterstock.com/image-vector/isolated-vector-illustration-seated-ancient-greek-1675393051>
Íomhanna ar leathanaigh 34,35:
<https://www.gettyimages.ie/detail/news-photo/mosaic-from-a-villas-entry-way-depicting-sandals-and-the-news-photo/143052099>;
https://www.bbc.co.uk/history/ancient/romans/daily_life_gallery_02.shtml;
<https://www.pompeiiinpictures.com/pompeiiinpictures/R7/7%2001%2044.htm>
<https://upload.wikimedia.org/wikipedia/commons/c/cd/Locaciones.jpg>; <https://www.pinterest.com/pin/798474208908541267/>
Íomhanna ar lch 37: http://employees.oneonta.edu/farberas/arth/arth209/parthenon_gallery.html
Íomhá ar lch 38: https://www.huffpost.com/entry/questioning-authority-in-the-school-of-athens_b_6919646
Íomhanna ar leathanaigh 39,40: <http://www.perseus.tufts.edu/Herakles/labors.html>
<https://www.thoughtco.com/lycurgus-lawgiver-of-sparta-112759>
Íomha ar lch 41: <https://www.nationalgeographic.org/encyclopedia/sparta/>

Téacsanna

Silius Italicus, *Punica* 303-456 (Loeb Leabharlann Clasaiceach, *aistrithe ag J.D. Duff*)
Diodorus Siculus, *Stair* 5.38.1 (Loeb Leabharlann Clasaiceach, *aistrithe ag C.H. Oldfather*)
Homer, *Iliad* 24.476-511 (Penguin Classics, *aistrithe ag Martin Hammond*)
Homer, *Iliad* 3.339-381 (Penguin Classics, *aistrithe ag Martin Hammond*)

Ná scríobh ar an leathanach seo

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraíthe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

Na Clasaícaí

Dé hAoine 17 Meitheamh
Tráthnóna 1:30 - 3:30